

Ábhar

Raidió Rí Rá

Mír Físe

Nuacht TG4

27 Eanáir 2009

Téacs Léitheoireachta

Píosa ó shuíomh gréasáin Raidió Rí Rá

**(Le caoinhead ó Raidió Rí Rá:
www.raidiorira.ie).**

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

Raidió Rí Rá

Mír físe: Réamhobair

Plé

Beidh tú ag féachaint ar mhír nuachta a bhí ar TG4 faoin stáisiún Raidió Rí Rá. Ar dtús pléigh na ceisteanna seo:

Ar chuala tú riamh trácht ar Raidió Rí Rá? An bhfuil aon rud ar eolas agat faoi?

Cén cineál pobail, dar leat, a bhfreastalaíonn na stáisiúin raidió seo a leanas orthu?:

Raidió Rí Rá
Raidió na Life
Raidió na Gaeltachta
Raidió Fáilte

An bhféachann tú riamh ar Nuacht TG4? Conas, dar leat, a d'fhéadfá an nuacht a úsáid chun cur le do chuid scileanna teanga?

Tasc

Beidh na focail seo le cloisteáil sa mhír. Déan iarracht Gaeilge a chur orthu. Mura bhfuil tú cinnte, tá an leagan ceart Gaeilge sa bhosca thíos.

1. licence
2. established
3. temporary
4. that it will be accessible
5. voluntary
6. the application is being assessed

obair dheonach	sealadach	tá an t-iarratas á mheas
ar an bhfód	ceadúnas	go mbeidh fáil air

Mír Físe: Éisteacht

Éist leis an mír agus scríobh síos an méid eolais agus is féidir leat faoi Raidió Rí Rá. Cuir an t-eolas i gcomparáid leis an méid a scríobh an duine in aice leat le féachaint an raibh aon rud fágtha ar lár agat.

Mír Físe: Feasacht Teanga

Pléigh an ghramadach atá i gceist sna frásaí thíos. Cén chuid de leabhar gramadaí ina gcuardófa eolas faoi na frásaí sin?

mí an Mhárta
an t-iarratas
obair dheonach
sa tseachtain
in aghaidh an lae
ar an bhfód

Faigh samplaí de na gnéithe céanna den ghramadach sa dá théacs faoi Raidió Rí Rá a bheidh tú ag léamh ar ball.

Pléigh an difear idir ‘bíimid ag craoladh’ agus ‘táimid ag craoladh’.

Téacs: Léamh agus Feasacht Teanga

Seo dhá théacs ghearra as an rannóg *PopNuacht* a bhíonn ar shuíomh gréasáin Raidió Rí Rá (www.raidiorira.ie).

Léigh na téacsanna agus cuir ar fáil an leagan ceart de na focail idir lúibíní.

Bhuel is léir go bhfuil an-(muinín) ag an (ceoltóir) rap Flo Rida as a lucht leanúna mar is cosúil gur (fógair) an réalt a uimhir fón póca go poiblí le déanaí! Bhí an réalt ina aoí ar CNN agus bheartaigh sé a uimhir (guthán) a léamh amach ar (an t-aer). Bhí iontas an (domhan) ar gach duine ach dúirt sé i ndiaidh (an eachtra) go ndearna sé é chun go mbeadh a lucht tacaíochta in ann teagmháil a dhéanamh leis am ar bith. Tá sé ráite go bhfuil an-mheas aige ar a lucht leanúna agus go bhfuil sé an-bhuíoch as an (tacaíocht) a thugann siad dó i gcónaí. Ach tá sé cloiste againn go bhfuil neart daoine i ndiaidh gaoch air agus nach gcreideann siad gurb é Flo Rida féin a fhreagraíonn. Iontas na n-iontas! D’eisigh an réalt albam úr an (mí) seo caite agus tá ag éirí tharr (barr) leis i gcairteacha ar fud an domhain. Gan dabht b’aoibhinn linn uimhir Flo Rida a fháil anseo i bPopNuacht ach n’fheadar an bhfuil Gaeilge aige?!

Bhuel níl muid ró-thógtha leis anseo i bPopNuacht ach tá sé ráite le déanaí go bhfuil Lily Allen an-tógtha leis an (sraith) nua den (clár) *The Apprentice*. D’fhág an réalt teachtaireachtaí ar Twitter i rith an chéad chláir chun daoine a choinneáil ar an eolas faoin (clár). Tá sé cloiste go dtaitníonn réalt (an tsraith), Alan Sugar, go mór léi agus go gceapann sí go bhfuil sé an-ghreannmhar. Is aoibhinn léi an (slí) a labhraíonn Sugar leis na rannpháirtithe agus is aoibhinn léi stíl Sugar freisin. Thosaigh an (sraith) nua coicís ó shin agus tá sé cloiste againn go raibh thart ar 9 milliún duine ag faire air. Bhuel, is léir go dtaitníonn teilifís go mór leis na réalta freisin!

Plé

- An mbeadh aon spéis agat féin *PopNuacht* a léamh / éisteacht leis ar líne?
- An gcuireann tú spéis i saol na gceiliúrán?
- Cén cineál daoine cáiliúla a gcuireann tú spéis iontu: spórt, teilifís, scannáin, ceol?
- An gcuireann tú spéis sa teilifís réaltachta – cláir mar *The Apprentice*, cuir i gcás?
- Conas a chuirfeá síos ar stíl an dá phíosa scríbhneoireachta thuas?

Tascanna

- Éist le Raidió Rí Rá agus cuir i gcomparáid é le raidió Gaeilge eile faoi na teidil seo: (i) pobal éisteachta (ii) ábhar (iii) sceideal
- Más spéis leat Nuacht TG4 tá slí inar féidir leat é a úsáid chun cur le do chuid scileanna teanga. Gach Máirt ar an suíomh gréasáin seo <http://www.nuim.ie/language/vifax/index.shtml> (*vifax*) cuirtear cleachtaí teanga ar fáil bunaithe ar mhíreanna nuachta de chuid TG4. Is féidir an mhír a fheiceáil ar líne agus ansin na cleachtaí a dhéanamh. Cuirtear freagraí agus téipscript ar fáil chomh maith. Is féidir míreanna *vifax* a chuardach de réir ábhair – sa tslí sin féadfaidh tú míreanna a roghnú a gcuirfeá féin spéis iontu.

Tasc: Cuardaigh *vifax* agus faigh mír ó chlár ar TG4 a gcuirfeá féin spéis ann. Féach ar an mír agus bain triail as na cleachtaí.

- Scríobh píosa beag faoi shaol an duine cháiliúil ba mhó ar mhaith leat bualadh leis / léi.
- Cuardaigh cartlann TG4 agus faigh clár Gaeilge a mbeadh spéis agat ann. Scríobh léirmheas ar an gelár sin.

Téipscript

Eimear Ní Chonaola

Tá iarratas déanta ag stáisiún raidió Gaeilge, a chraolann ar an idirlíon, ar cheadúnas FM. Tá Raidió Rí Rá ar an bhfód le bliain agus tá breis is ceithre mhíle éisteoir ar líne ag an stáisiún. Ceadúnas ilchathrach sealadach atá i gceist leis an iarratas le go mbeidh fáil ag éisteoirí FM ar an stáisiún le linn Sheachtain na Gaeilge. Seo í Irene Ní Nualláin.

Irene Ní Nualláin

Bunaíodh Raidió Rí Rá le linn ‘Seachtain na Gaeilge’ anuraidh, agus tá an stáisiún dírithe ar dhaltaí scoile agus ar mhic léinn.

Miriam Maher, Craoltóir

Bímid ag craoladh 24 uair in aghaidh an lae, gach lá sa tseachtain. Chomh maith leis sin tá sé ar líne agus *so* tá muid ar fáil timpeall na tíre. Agus is féidir leo éisteach isteach leis an gceol, leis an PopNuacht, leis na giotaí a dhéanaimid, *so* is áis iontach é go háirithe do dhaoine atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim nó *just* daoine atá* ag iarraidh éisteach le Gaeilge ar an raidió.

Irene Ní Nualláin

Is iad na héisteoirí a roghnaíonn ceol an stáisiúin agus is féidir iarchláracha agus PopNuacht a íoslódáil ón suíomh. Obair dheonach atá ar bun ag lucht craolta** an stáisiúin.

Síne Nic An Ailí

Tá muid le dul ar an gcóras digiteach amach anseo, an DAB. Ach, chomh maith leis sin tá muid tar éis iarratas a chur isteach ar cheadúnas ilchathrach a fháil go sealadach thar ‘Seachtain na Gaeilge 2009’ ionas gur féidir le daoine a bheith ag éisteach linn ar FM, ar an raidió ar feadh na tréimhse*** sin ar fad i mí an Mhárta.

Irene Ní Nualláin

Tá an t-iarratas á mheas ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann faoi láthair. Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4, BÁC.

* a bhfuil a deirtear

** lucht chraolta a deirtear

*** an tréimhse a deirtear